**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0139/2024**

19.2.2024

# TOGRA LE hAGHAIDH GNÍOMH AONTAIS

arna chur síos de bhun Riail 47(2) de na Rialacha Nós Imeachta

maidir leis an reachtaíocht a dhíorthaítear ón gComhaontú Glas don Eoraip a aisghairm

**Jorge Buxadé Villalba, Mazaly Aguilar, Hermann Tertsch, Margarita de la Pisa Carrión**

**B9-0139/2024**

**Togra le haghaidh gníomh Aontais maidir leis an reachtaíocht a dhíorthaítear ón gComhaontú Glas don Eoraip a aisghairm**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d’Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

– ag féachaint d’Airteagail 4, 11, 38, 43, 114, 191 agus 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 ‘An Comhaontú Glas don Eoraip’;

– ag féachaint don phacáiste ‘Oiriúnach do 55’,

– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe,

– ag féachaint do Chomhaontú Pháras,

– ag féachaint do Riail 47(2) dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go bhfuil comhdhearcadh ann le blianta anuas sna hinstitiúidí Eorpacha a rith reachtaíocht i gcoinne leasanna na náisiún atá san Aontas Eorpach, sna hearnálacha eacnamaíocha éagsúla agus i rathúnas mhuintir na hEorpa, gan amhras tá an earnáil phríomhúil ar cheann de na hearnálacha is mó atá buailte ag an gclár oibre glas a d’fhorchuir institiúidí na Bruiséile;

B. de bhrí gurb é an Comhaontú Glas don Eoraip tacar na mbeart dlíthiúil, polaitiúil, eacnamaíoch agus airgeadais trína bhforchuireann institiúidí an Aontais Eorpaigh clár oibre claochlaithe do gheilleagair na mBallstát chun iad a oiriúnú do roinnt cuspóirí aeráide, arb é an ceann is tábhachtaí díobh bunchloch an Chomhaontaithe ina iomláine, lena mbainfear amach glanastaíochtaí nialasacha gás ceaptha teasa faoi 2050 ar a dhéanaí, gan beann ar na hiarmhairtí marfacha a bhíonn ag na bearta sin ar mharthanas agus brabúsacht na talmhaíochta, an bheostoic, an iascaigh agus, go ginearálta, na bhfiontar beag agus meánmhéide;

C. de bhrí go dtéann an Comhaontú Glas don Eoraip i bhfad níos faide ná a chuspóirí a bhaineann go dlúth leis an gcomhshaol amháin, a dhéanann ionradh agus cinneadh ar bheartais a dhéanann difear d’earnálacha amhail talmhaíocht, feirmeoireacht beostoic, iascach, iompar, tionscal, bonneagar, agus fiú pleanáil uirbeach agus tithíocht, i measc nithe eile, agus, cé go bhfuil tionchar mór ag na bearta a glacadh ar ‘chuspóirí aeráide’, feidhmíonn sé cumhacht rialála dhíreach a spreagann idé-eolaíocht a chuireann a dhogmaí i bhfeidhm fiú má dhéanann sé sin díobháil do na hearnálacha sin;

D. de bhrí go ndéanann na rialacháin uile a glacadh le linn an téarma pharlaimintigh seo mar thoradh ar an gComhaontú Glas don Eoraip agus ar a chur chun feidhme díobháil thromchúiseach do bhiafhlaitheas na mBallstát, do bhrabúsacht a gcuideachtaí, do

rathúnas a saoránach agus a dteaghlach agus do mharthanas mhodh maireachtála na tuaithe, rud a chuireann dlús tromchúiseach leis an dídhaonrú i gcodanna móra den chríoch; agus de bhrí gur forchuireadh cuspóirí dosháraithe, arb é an t-aon toradh atá orthu ná táirgí intíre a chur faoi mhíbhuntáiste iomaíoch i bhfianaise iomaíocht éagórach ó thríú tíortha;

E. de bhrí go bhfuil srianta ar úsáid ionchur traidisiúnta talmhaíochta, leasachán, ábhar frithmhiocróbach agus lotnaidicídí ar fud an Aontais Eorpaigh mar thoradh ar thograí reachtacha nua, as a dtagann laghdú scanrúil ar ár dtáirgeadh talmhaíochta agus ar ár n-iomaíochas ar mhargaí onnmhairiúcháin, rud a fhágann go mbíonn praghsanna níos airde ann do theaghlaigh;

F. de bhrí go bhfuil tacaíocht thábhachtach den sórt sin d'fheirmeoirí san Aontas Eorpach mar CBT, a bhí mar bhonn do ghníomhaíochtaí talmhaíochta agus a chuireann borradh faoin iomaíochas, á easáitiú de réir a chéile trí chabhair a nascadh go díreach agus go heisiach le coinníollachtaí idé-eolaíocha gan aon bhunús eolaíoch, amhail i gcás an nuashonraithe is déanaí ar CBT, lena leagtar síos cuspóirí troma d'fheirmeoirí agus d'fheirmeoirí beostoic an Aontais, agus 40% dá bhuiséad curtha i leataobh do chuspóirí comhshaoil;

G. de bhrí nach bhfuil na bearta sin ar na bearta is fabhraí chun tacú leis an earnáil i gcomhthéacs éigeandála eacnamaíche amhail an ceann reatha, agus ar aon chuma go bhfuil siad i gcoinne prionsabail a ndearnadh dearmad air agus gur mian le muintir na hEorpa an méid seo a leanas a fháil ar ais: prionsabal fhabhar an Chomhphobail;

H. de bhrí go ndearnadh an laghdú substaintiúil sin ar thacaíocht airgeadais don earnáil phríomhúil a chomhcheangal le forchur forchéimnitheach cánacha nua, bacainní dlíthiúla agus cathair ghríobháin mhaorlathach as ar eascair gníomhaíochtaí talmhaíochta, beostoic agus iascaireachta atá ar iarraidh i ngeall ar chostais mhéadaithe agus tréigean institiúideach; de bhrí, sa tslí chéanna, sa rún ón gComhaontú Glas don Eoraip a glacadh in 2020 gur cuireadh brú ar chaighdeáin leasa ainmhithe a dhéanamh níos doichte, a bhfuil feidhm acu chomh maith maidir leis an tionscal agraibhia, a dhéanann dochar dár n-iomaíochas agus a cháineann go minic feirmeacha beostoic, go háirithe feirmeacha níos lú, chun iad a dhúnadh;

I. de bhrí, ina theannta sin, nach mór athchóiriú a dhéanamh ar reachtaíocht i dtaobh táirgí cosanta plandaí a úsáid san Aontas Eorpach agus allmhairiú táirgí a bhfuil uasteorainneacha iarmhar (MRLanna) acu ionas nach gceadófar allmhairiú neamhrialaithe táirgí ó thríú tíortha nach gcomhlíonann na rialacháin a bhfuil ár dtáirgeoirí faoina réir, i dtéarmaí comhshaoil agus téarmaí cáilíochta araon;

J. de bhrí nach mór athnuachan ó ghlúin go glúin a áirithiú in úinéireacht agus in oibriú gabháltas talmhaíochta agus beostoic, faoi dhálaí brabúsachta agus marthanais, mar bhunchloch d'aon bheartas eacnamaíoch agus comhshaoil, ós rud é nach bhfuil ach daoine sa phobal, lena gcumas oiriúnú, samhlú agus nuáil a dhéanamh, atá ábalta aon éiceachóras talún nó muirí a chothabháil, a chaomhnú agus a shaibhriú, agus de bhrí gurb iad na daoine an phríomhghné d'aon éiceachóras;

K. de bhrí go luaitear in Airteagal 191(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go ndéanfaidh an tAontas, agus a bheartas i réimse an chomhshaoil á fhoirmliú aige,

*inter alia*, na tairbhí agus na hualaí a fhéadfaidh a bheith mar thoradh ar ghníomhaíocht nó ar easpa gníomhaíochta, chomh maith le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais ina iomláine agus forbairt chothromúil a réigiún a chur i gcuntas; de bhrí, i bhfianaise na bpointí a leagtar amach thuas agus na n-agóidí a rinne feirmeoirí le déanaí i mBallstáit uile an Aontais, go bhfuil sárú á dhéanamh go hoscailte air ag na rialacháin uile a eisítear agus an Comhaontú Glas don Eoraip á chur chun feidhme;

L. de bhrí, i bhfianaise an mhéid thuas, gur gá beartais a chur chun cinn lena n-éascaítear brabúsacht agus inmharthanacht eacnamaíoch na n-aonad táirgthe agus na dtionscal atá nasctha leis an earnáil phríomhúil, chun a áirithiú go mairfidh ceantair thuaithe agus go stadfar na ceanglais idé-eolaíocha uile a fhéachann lenár gceannasacht bia a chríochnú chun go mbeimid ag brath ar thríú tíortha;

M. de bhrí gur braitheadh éifeachtaí bheartais an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip le linn an reachtais sin, ach go dtosóidh bearta dlíthiúla, polaitiúla, eacnamaíocha agus airgeadais a dhéanann difear d’earnálacha amhail iompar talún, muiriompar nó aeriompar nó tionscal, go mbeidh éifeachtaí acu sna blianta amach romhainn, a mbeidh plean ollmhór iomarcaíochta ar fud na hEorpa mar thoradh orthu;

1. á iarraidh ar an gCoimisiún go bhfionróidh sé an reachtaíocht uile a glacadh tar éis na teachtaireachta maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip láithreach nó a mholadh do na comhreachtóirí, i ngach cás, í a fhionraí, go háirithe; an Dlí Aeráide Eorpach, an Rialachán maidir le comhroinnt díchill, an Rialachán maidir le húsáid talún, an t-athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht, pacáiste athchóirithe CBT, an Straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’, an Straitéis Bhithéagsúlachta, an Rialachán maidir le hathchóiriú an dúlra agus an Rialachán maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún tuarascálacha tionchair cuimsitheacha a tharraingt suas láithreach i dtaobh na n-éifeachtaí atá ag cur chun feidhme comhpháirteach na rialacha a leagtar síos sa teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip ar líon, ar mharthanas, ar mheánbhrabúsacht feirmeacha, ar fhostaíocht, ar onnmhairí agus allmhairí Eorpacha agus ar iomaíochas na gcuideachtaí, agus an reachtaíocht uile a glacadh a fhionraí láithreach nó a mholadh do na comhreachtóirí, i ngach cás, í a fhionraí;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún tús a chur le gach céim reachtach chun na beartais uile atá bunaithe ar an gComhaontú Glas don Eoraip agus ar Chlár Oibre 2030 a aisghairm, go háirithe na tograí reachtacha sin a bhaineann le Straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ agus an Straitéis Bhithéagsúlachta atá chomh díobhálach sin do thalmhaíocht, d’fheirmeoireacht bheostoic agus d’iascaigh an Aontais;

4. á chur in iúl gur oth léi iarmhairtí tromchúiseacha na mbeartas a glacadh tar éis an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip ar gheilleagar an Aontais, go háirithe san earnáil phríomhúil ach san earnáil thionsclaíoch chomh maith, agus ar theaghlaigh agus ar oibrithe;

5. á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach Teachtaireacht nua a tharraingt suas ina molfar bearta chun fíorchaomhnú an chomhshaoil nádúrtha a chur chun cinn in éineacht le tacaíocht agus urraim do ghníomhaíocht dár n-earnáil phríomhúil;

6. á iarraidh go ndéanfaí na bearta is gá chun ár gceannasacht bia i sainchúram an Aontais Eorpaigh a áirithiú, chun deireadh a chur le hiomaíocht éagórach agus chun prionsabal fhabhair an Chomhphobail a neartú;

7. á chur in iúl go bhfuil sí i bhfabhar athbhreithniú láithreach a dhéanamh ar chomhaontuithe trádála le tríú tíortha d'fhonn clásail a bhunú lena gceadófar do gach Ballstát na clásail sin a fhionraí láithreach lena gceadaítear allmhairiú táirgí nach gcomhlíonann na ceanglais fíteashláintíochta a fhorchuirtear ar ár dtáirgeoirí, a bhfuil riosca tromchúiseach ag baint leo do shláinte an bhia;

8. á chur in iúl go dtacaíonn sí leis na hagóidí dlisteanacha agus leis na héilimh ó phobail ó cheantair thuaithe agus go n-urramófar iad lena n-éilítear go stadfar láithreach de bheartais éiceolaíochta a chuireann a n-inmharthanacht i mbaol mór;

9. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún, chuig an gComhairle, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Spreagtar roinnt tionscnamh, leis an gComhaontú Glas don Eoraip, atá bunaithe ar idé-eolaíocht lena n-éilítear ár n-earnáil phríomhúil chánachais a íobairt. Agus an smaoineamh chun an clár oibre sin a chur chun feidhme, a spreagtar le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe, ar an bpraghas is gá, glacadh bearta a théann go minic i gcoinne leasanna eacnamaíocha Bhallstáit an Aontais, agus leasanna eacnamaíocha na hearnála príomhúla go háirithe.

Tá na bearta comhshaoil sin, amhail, an Straitéis Bhithéagsúlachta nó Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', ag cur bac ar ár n-earnáil phríomhúil agus ag cruthú iomaíocht éagórach *vis-à-vis* tríú tíortha a scriosfaidh an earnáil ar fad mura ngníomhaíonn an tAontas go luath.

Chuige sin, teastaíonn ón earnáil phríomhúil go dtarraingeoidh an tAontas Eorpach siar ó ghnéithe féinscriosacha uile an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Is é atá i gceist leis sin ligean dár bhfeirmeoirí na táirgí fíteashláintíochta céanna, a bhfuil cosc orthu a úsáid san Eoraip, ach a cheadaítear i dtáirgí allmhairithe a úsáid. Is é atá i gceist leis an rómhaorlathas a laghdú agus gan cúnamh a bheith coinníollach ar chritéar idé-eolaíoch comhshaoil a chomhlíonadh. Is é atá i gceist leis beartais a chur chun feidhme lena n-éascaítear saoirse agus inmharthanacht eacnamaíoch na hearnála. I ndeireadh na dála, is é atá i gceist leis biafhlaitheas na hEorpa a chosaint agus marthanacht earnála atá mar bhonn lenár struchtúr socheacnamaíoch iomlán.

Tá sé mar aidhm ag an togra seo le haghaidh gníomh de chuid an Aontais athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip chun na bearta sin uile a chuireann timpeallacht tuaithe na hEorpa i mbaol a aisghairm. Tá sé mar aidhm aige chomh maith a áirithiú go ndéanfaidh an tAontas Eorpach, agus a bheartais á reachtú agus á gcur chun feidhme aige, an cómhaireachtáil is gá a chur i gcuntas idir cosaint an chomhshaoil nádúrtha agus meas orthu siúd a chónaíonn agus a oibríonn ann.